

TÚSLA

An Ghníomhaireacht um
Leanaí agus an Teaghlach
Child and Family Agency

Rialáil Seirbhíse Leanaí

**Tuairsc Achoimre
Cigireachtaí Luathbhlianta
Tusla - Comhairliúchan le
Tuismitheóirí**

Ullmhaíodh an tuarascáil seo ag Research Matters Ltd. (www.researchmatters.eu) thar ceann Tusla, Gníomhaireacht um Leanaí agus Teaghlach.

Ba chóir an tuarascáil seo a lua mar:

Tusla (2021) An Gníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, *Tuairisc Achoimre ar Chigireachtaí Na Luathbhlianta* Tusla: Comhairliúchán le Tuismitheoirí. Baile Átha Cliath: Tusla

Cóipcheart © Tusla, 2021

Tusla – Child and Family Agency
The Brunel Building
Heuston South Quarter
Saint John's Road West
Dublin 8 D08 X01F

Tel: 01 771 8500
Email: info@tusla.ie
www.tusla.ie

Brollach

Is í An Gníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach Tusla, trí chigireacht na luathbhlianta atá an chigireacht ina rialtóir reachtúil neamhspleách ar sheirbhísí luathbhlianta in Éirinn. Tá sé freagrach ar clarú agus cigireachta ar reamscoileanna, grúpaí súgartha, naíolanna, cúram lae agus seirbhísí den chinéal céanna a fhreastalaíonn ar leanaí 0-6 bliana d'aois .

Do thuismitheoirí agus caomhnóirí, is minic gurbh é ceann de na céad chinneadh agus b'feidir an cinneadh is suntasaí a dhéanfaidh tú go brách ná seirbhís cúram leanaí luathbhlianta a roghnú go do bhabaí nó leanbh óg. Tá sé tábhachtach go bhféadfadh thuismitheoirí a bheith muiníneach gur áit shábhailte agus chothaitheach í an tseirbhís luathbhlianta a roghnaíonn siad dá leanbh óg, áit gurbh fhéidir leis nó léi fás agus forbairt go barr a chumais.

Tá sé thar a bheith tábhachtach go mbeadh thuismitheoirí rannpháirteacht I gcúram agus in oideachas a linbh d'fhorbairt agus leas an linbh, fresin an tabhacht a bhaineann le phríomhchuspóir an gcigireacht ná guth na thuismitheoirí/ caomhnóirí a chuir san áireamh I bpróiseas rialála na luathbhlianta in Éirinn.

Mar sin, is cúis mhór áthais dom an tuairse seo a chur I láthair faoi chomhairliúchan cigireachta luathbhlianta Tusla le thuismitheoirí. Cuireann an tuairse 'tuairimí na dtuismitheoirí I láthair faoi chigireachtaí luathbhlianta Tusla,' agus a dtuairimí maidir le guth na dtuismitheoirí a léiriú sa bpróiseas cigireachta.

Dhírigh an comhairliúchán ar thrí phríomhréimse:

- Na saincheisteanna a mheasann thuismitheoirí atá tábhachtach le cigireacht a dhéanamh orthu I suíomhanna luathbhlianta.
- Meabhraíocht thuismitheoirí , eolas agus riachtanais I dtearmaí rialál cigireachta;
- agus ar cheart go mbeadh guth ag thuismitheoirí I gcigireacht na luathbhlianta agus más cheart, cén chaoi is fearr a oibreoidh sé seo.

D'aithne thuismitheoirí an tabhacht a bhaineann le sábhailteacht maidir le folláine a leanbh chomh maith le haird a tharraingt ar chomh tabhachtach is atá sé go mbeadh a leanbh sásta agus go dtugtar cúram maith dó/di I suíomh na luathbhlianta. Dúirt thuismitheoirí linn nach raibh feacht theoranta acu ar ról Tusla mar rialtóir reachtúil ar sheirbhísí luathbhlianta agus nach raibh a fhios acu go bhfuil tuairiscí cigireachta seirbhíse ar fail go poiblí ar shuíomh gréasáin Tusla. Mar fhreagairt ar an aiseolas, ta rionnt mhaith tacaíocht breise tugtha isteach do thuismitheoirí. Chomh maith le seo, tá fóram nua inár feidir le thuismitheoirí aiseolas a shólathar ar an tseirbhís a bhfreastalaíonn a leanbh orthu. Dén chéad uair tabhairfaidh sé deis do thuismitheoirí a dtáithi caillteach a rionnt lena seirbhíse; agus mar sin ligfidh sé do thuismitheoirí aon imní suntasacha faoi réimhse ar bith a chur ar a gcumas ,uaidh sin d'fhéadfadh cigireacht ar an tseirbhís a bheith mar thoradh air.

Ba mhaith liom buíochas agus aitheantas a thabhairt do gach duine a chuidigh linn leis an tionscadal. Is mór againn na soláthraithe agus a gcuid foirne sna seirbhísí luathbhlianta a shocraigh go mbaillfimid le grúpaí thuismitheoirí.

Buíochas speisialta le Feighliocht Leanaí na hEireann agus Comhar Naíonraí na Gaeltachta as a gcabhair agus cúnaimh. Ba mhaith liom mo bhuíochas ó chroí a ghabháil leis an dochtuir Sinéad Ní Ainifin Stiúrthóir Bainistíochta, Cursaí Taighde Teo, chun cabhrú leis na comhairliúcháin agus an tuairse seo a tháirgeadh.

Faoi dheireadh táimid an-bhúioch de na tuismitheoirí a thug a gcuid amá agus a gcuid eolais a rionnt linn, is mór againn go háraithe a dtoilteanas déanamh amhlaidh le macántacht agus le hoscailteacht. Cinnteoidh a n-ionchur luachmhar go dtabharfar deis do thuismitheoirí chun cur leis an bproiseas cigireachta amach anseo.

Fiona Nic Dhomhnaill

Stiúrthóir Seirbhíse Náisiúnta Seirbhíse Rialála Leanaí

Clár Ábhair

Brollach	ii
Achoimre.....	1
Saincheisteanna tábhachtacha ar chóir cigireacht a dhéanamh orthu sna seirbhísí luathbhlianta	1
Conclúid:.....	2
Moladh:.....	3
Feasacht agus eolas ar an gcigireacht luathbhlianta.....	3
Achoimre:	3
Conclúidí.....	3
Moltaí:	3
Rannpháirteachas tuismitheoirí sa Chigireacht Luathbhlianta	4
Conclúidí:	4

Achoimre

Sa tuarascáil seo, cuirtear i láthair achoimre, conclúidí agus moltaí ó chomhairliúchán a bhí ann le 70 tuismitheoir a bhfuil a leanaí ag freastal ar sheirbhís luathbhlianta. Ba é cuspóir an chomhairliúcháin ná eolas a bhailiú ar dhearthaí na dtuismitheoirí, mar aon leis an tuiscint agus an t-eolas atá acu ar na riachtanais a bhaineann le cigireacht rialála. Tugann an comhairliúchán freagra ar na trí cheist seo a leanas:

1. Ca iad na saincheisteanna ar dóigh le tuismitheoirí go bhfuil siad tábhachtach go ndéanfaí cigireacht orthu sna seirbhísí luathbhlianta?
2. An bhfuil tuismitheoirí feasach maidir le cigireacht luathbhlianta agus ar an eolas futhu?
3. Ar chóir go n-áireofaí guth na dtuismitheoirí i gcigireacht luathbhlianta, agus conas is fearr is féidir é sin a dhéanamh?

Saincheisteanna tábhachtacha ar chóir cigireacht a dhéanamh orthu sna seirbhísí luathbhlianta

Achoimre: Nuair a rinneadh anailís ar thorthaí an chomhairliúcháin, aithníodh go raibh réimsí ann ar chóir go ndéanfaí scrúdú orthu, de réir na dtuismitheoirí, agus is léiriú ginearálta iad seo ar na rialacháin 2016 ar a mbunaíonn an chigireacht a cuid oibre. Seo thíos cuirtear i láthair achoimre ar na príomhcheisteanna a tháinig aníos.

Sábháilteacht

- Chuir na tuismitheoirí an-bhéim ar chúrsaí sábháilteachta agus dúirt mórán tuismitheoirí gurb é seo an saincheist is tábhachtaí dóibh i dtéarmaí cigireachta. Aithníodh na pointí áirithe seo: an timpeallacht, garbhabhair, maoirseacht a dhéanamh ar na leanaí, cúrsaí slándála san fhoirgneamh agus druil dóiteáin.

Sláinte, folláine agus forbairt an linbh

- Aithníodh ceithre príomhréimse maidir le sláinte, folláine agus forbairt an linbh agus ba iad seo
- a) an tábhacht a bhaineann le riachtanais an linbh (áirítear leis seo béim a chur ar shonas leanaí agus leanaí a bhfuil riachtanais bhreise acu a ionchuimsiú);
- b) cúram an linbh, go háirithe gnáthamh maith a leagann síos maidir le sláinteachas, cothú agus dul go dtí an leithreas;
- c) caidreamh maith idir tuismitheoirí agus an fhoireann, idir leanaí agus an fhoireann, agus idir na leanaí féin; agus
- d) gníomhaíochtaí oideachasúla, lena n-áirítear cur chuige struchtúrtha i leith na gníomhaíochtaí agus ullmhú ar an aistriú go dtí an bhunscoil.

Rialachas

- Aithníodh dhá phríomhréimse maidir le rialachas agus ba iad seo:
- a) an fhoireann ag obair sa tseirbhís agus na cáilíochtaí atá acu, oiriúnacht le bheith ag obair le leanaí, chomh maith le leanúnachas foirne. Luaigh tuismitheoirí go mba chóir go mbeadh cáilíochtaí cuí ag an bhfoireann, go mbeidhís ábhalta fadhbanna a aithint, agus go mbeadh grinnfhiosrúchán an Gharda déanta orthu. Leanúnachas san fhoireann, saincheisteanna coinneála san áireamh, agus eochairoibrí a bheith ag gach leanbh - aithníodh go raibh na rudaí seo go léir tábhachtach.
- b) cumarsáid faoin tseirbhís agus faoin leanbh aonair, lena n-áirítear forbairt an linbh agus aon eacraí a thagann chun cinn. Ba chóir faisnéis maidir le folláine na foirne a ionchorprú sa tuarascáil cigireachta.

Timpeallacht

- Ní raibh mórán tráchtairachta ó na tuismitheoirí ar chúrsaí timpeallachta, agus go ginearálta, díriodh ar an méid spáis a bhí ar fáil agus an ceantar scíthe. Aithníodh go bhféadfadh fadhbanna a bheith ann le róphlódú agus le sláinteachas. Luaigh na tuismitheoirí gurbh áiteanna tábhachtacha iad na seomraí leithris agus an clós súgartha taobh amuigh.

Conclúid:

- Tá mórán de na réimsí tábhachtacha céanna aitheanta ag cigirí i dtuarascálacha cigireachta agus atá ag tuismitheoirí, go háirithe nuair a bhaineann na réimsí le sábháilteacht leanaí, lena sláinte, a bhfolláine agus a bhforbairt; is amhlaidh do chúrsaí a bhaineann le rialachas na seirbhíse agus an timpeallacht ina bhfeidhmíonn an tseirbhís.

Moladh: Is ionann mórán de na saincheisteanna atá aitheanta ag tuismitheoirí agus ag na cigirí. Ní mór go dtabharfaí faoi deara, áfach, nach raibh mórán le rá ag tuismitheoirí ar cheisteanna timpeallachta, agus ba chóir é seo a chur san áireamh nuair a chuirfear tuarascálacha i láthair ar sheirbhísí sonracha.

Feasacht agus eolas ar an gcigireacht luathbhlianta

Achoimre: Cé go ndéantar talamh slán de go ndéantar cigireacht agus go bhfeidhmíonn na seirbhísí laistigh de chomhthéacs rialála, níl mórán eolais ag tuismitheoirí futhu agus faoi na tuarascálacha atá ar fáil. Sa chás go raibh na tuismitheoirí ar an eolas faoin gcigireacht, ba de bharr réimse cleachtaí agus nósanna imeachta sa tseirbhís a measadh go raibh siad ina riachtanas rialála; mar gur roinn soláthróir eolas le tuismitheoir faoi chigireacht nó mar go raibh éifeacht dhíreach ann ar leanbh de bharr na cigireachta.

Conclúidí

•Is gá go mbeidh eolas agus feasacht níos fearr ag tuismitheoirí ar an gCigireacht Luathbhlianta rialála.

•Ní mór eolas a thabhairt do thuismitheoirí faoi chigireacht atá ag tarlú sa tseirbhís ar a bhfuil a leanbh ag freastal.

•Ní mór tuismitheoirí a chur ar an eolas nuair a fhoilsítear tuarascáil ar an tseirbhís ar a bhfuil a leanbh ag freastal.

Moltaí:

Eolas a sholáthar faoin gcigireacht agus faoin bpróiseas cigireachta: Moltar go dtógfar céimeanna chun cinnte a dhéanamh de go mbeidh eolas faoin gcigireacht agus faoin bpróiseas cigireachta ag tuismitheoirí a bhfuil a leanbh ag freastal ar sheirbhís luathbhlianta. D'fhéadfaí é seo a dhéanamh trí bhileog ghearr, scríofa i mBéarla soiléir, a leagann amach príomheilimintí an phróisis cigireachta luathbhlianta, lena n-áirítear sonraí faoin gcigireacht féin, faoi na riachtanais rialála, faoin bpróiseas cigireachta, faoi bhainistiú gearán, agus na tuarascálacha a bheith ar fáil, chomh maith le sonraí teagmhála na Cigireachta. D'fhéadfaí é seo a dhéanamh i gcomhairle le tuismitheoirí. Brandáil chuimsitheach den Chigireacht agus trí dheiseanna a thapú chun feasacht a chruthú maidir leis an gCigireacht ag fóraim éagsúla.

Cinnte a dhéanamh de go mbeidh eolas ag tuismitheoirí nuair atá cigireacht ag tarlú agus torthaí na cigireachta: Is gá go mbeidh tuismitheoirí ar an eolas nuair atá cigireacht ag tarlú ina seirbhís agus go mbeidh eolas acu ar an bpróiseas agus ar thorthaí na cigireachta freisin. Moltar go láidir go gcuirfí tuismitheoirí ar an eolas nuair atá cigireacht ag tarlú agus go mbeidh an deis acu aiseolas ar an tseirbhís a sholáthar don chigire más mian leo.

Ba chóir tuismitheoirí a chur ar an eolas nuair a fhoilsítear an tuarascáil: Moltar freisin go gcuirtear tuismitheoirí ar an eolas nuair a fhoilsítear tuarascáil ar chigireacht a rinneadh ar a seirbhís féin.

Rannpháirteachas tuismitheoirí sa Chigireacht Luathbhlianta

Achoimre: De réir anailíse ar na torthaí a bhaineann le rannpháirteachas tuismitheoirí sa chigireacht, tá tuairimí éagsúla ag na tuismitheoirí mar gheall air sin. Bhí roinnt tuismitheoirí den tuairim go mba chóir go mbeadh baint ag tuismitheoirí agus ag leanaí sa chigireacht, agus chuir roinnt tuismitheoirí eile in aghaidh na tuairime seo. Mheas an grúpa deireannach seo nach raibh an saineolas riachtanach acu chun cleachtaí míchearta nó míchuí a aithint. Mheas siad freisin go mba chóir teagmháil dhíreach a dhéanamh leis an soláthróir sa chás go mbeadh aon fhadhb acu leis an tseirbhís chun cinnte a dhéanamh de go réiteofaí an fhadhb.

Conclúidí:

▪ Chuirfeadh tuismitheoirí fáilte roimh eolas faoi chigireacht atá ag tarlú sa tseirbhís

⑩ Is é an tátal a bhaintear ná go gcuirfeadh tuismitheoirí fáilte roimh eolas faoi cén uair agus conas a reáchtálar cigireacht ina seirbhís, mar shampla, trí theachtaireacht téacs ón soláthróir agus / nó póstaer suas ar lá na cigireachta faoi thorthaí na cigireachta agus conas is féidir gearán a dhéanamh sa chás nach féidir teacht ar réiteach ar fhadhb ag an leibhéal áitiúil.

▪ Tuairimí measctha maidir le ról na dtuismitheoirí sa phróiseas cigireachta

⑩ Tá tuairimí éagsúla ann i dtaca le rannpháirteachas tuismitheoirí sa phróiseas cigireachta agus cé go mbeadh roinnt tuismitheoirí sásta a dtuairimí a chur in iúl don chigire ag am na cigireachta, tá roinnt eile nár mian leo é seo a dhéanamh.

Moltaí:

1. Ba chóir go gcuirfí tuismitheoirí ar an eolas nuair atá cigireacht ag tarlú ina seirbhís. D'fhéadfadh an soláthróir é seo a dhéanamh trí théacs a chur chuig na tuismitheoirí agus fógra a chrochadh go feiceálach sa tseirbhís. Ba chóir meicníochtaí eile a chur san áireamh i gcomhairle leis na soláthróirí.
2. Ba chóir go mbeadh tuismitheoirí ar an eolas maidir le toradh cigireachta a tharla ina seirbhís féin agus ba chóir meicníocht a chomhaontú i gcomhairle le soláthróirí chun é seo a dhéanamh (e.g. d'fhéadfadh an soláthróir achoimre a sholáthar do na tuismitheoirí).
3. Ba chóir go mbeadh a fhios ag tuismitheoirí cén áit is féidir leo rochtain a fháil ar thuarascálacha cigireachta faoi sheirbhísí, agus ba chóir do Tusla an t-eolas seo a sholáthar mar chuid de chumarsáid ghinearálta faoin gCigireacht.
4. Ba chóir go spreagfaí soláthróirí chun go n-inseoidís do thuismitheoirí faoin tuarascáil chigireachta a bhaineann lena seirbhís nuair atá said ag déanamh fiosruithe faoin tseirbhís.
5. Ba chóir go dtabharfaí eolas do thuismitheoirí faoi conas is féidir leo gearán a dhéanamh faoi tseirbhís agus faoin bpróiseas ar chóir a leanúint má tá gearán acu. Is féidir an t-eolas a sholáthar mar chuid den eolas ginearálta a thugtar do thuismitheoirí faoin gCigireacht.
6. Ba chóir go dtabharfaí an deis do thuismitheoirí a dtuairimí faoin tseirbhís a roinnt leis an gCigireacht.
 - a. Ba chóir a áiriú conas is féidir cruinniú a eagrú leis an gcigire ag am na cigireachta. Beidh dúshlán éagsúla le sárú ós rud é go dtarlaíonn an chigireacht gan aon choinne roimh ré.
 - b. D'fhéadfaí bosca moltaí a chur sa tseirbhís agus d'fhéadfaí na moltaí a thiomsú ag am na cigireachta.

- c. Ina theannta sin, ag am na cigireachta ba chóir go dtabharfaí ceistneoir gairid do thuismitheoirí atá bunaithe ar thorthaí ón gcomhairliúchán seo maidir le saincheisteanna atá tábhachtach do thuismitheoirí. Beidh sé riachtanach dul i ngleic le cúrsaí anaithnideachta agus na torthaí a imeascadh le torthaí na cigireachta.
 - d. Ba chóir a mheá conas is féidir tuairimí na dtuismitheoirí a thiomsú ag am eile seachas ag am na cigireachta agus d'fhéadfaí é seo a dhéanamh ar bhealach atá cosúil leis an gcaoi a dhéantar é ag Ofsted (rochtain ag: <https://parentview.ofsted.gov.uk/login?destination=give-your-views>). Bheadh se riachtanach monatóireacht a dhéanamh ar an gcur chuige seo agus bheadh gá go leagfaí amach go mion soiléir nach meicníocht chun gearán a dhéanamh atá i gceist leis seo.
7. Ba chóir go mbeadh an deis ann chun aitheantas a thabhairt do 'seirbhísí den scoth' agus bheadh páirt ag thuismitheoirí sa phróiseas roghnúcháin seo. D'fhéadfadh eagraíocht neamhrialtasach atá ag feidhmiú sa réimse cúraim leanaí na gradaim seo a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.

The background is a solid teal color with several large, overlapping, organic shapes in a darker shade of teal. These shapes are fluid and rounded, resembling liquid or soft-edged forms. A thin, dark teal line curves across the upper right portion of the page.

TÚSLA
An Ghníomhaireacht um
Leanaí agus an Teaghlach
Child and Family Agency